**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* W. J.

*Cosantóirí:* L. J. agus J. J., arna n-ionadú go dlíthiúil ag A. P.,

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 3 de Phrótacal na Háige an 23 Samhain 2007 ar an Dlí is Infheidhme maidir le hOibleagáidí Cothabhála, arna fhormheas thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh le Cinneadh 2009/941/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 a léirmhíniú sa chaoi, d'fhonn an dlí is infheidhme a chinneadh maidir le héileamh ar chothabháil le haghaidh leanbh mionaoiseach ar aistrigh duine dá thuismitheoirí é chuig críoch Bhallstáit, nach leor chun go gcuirfear bac ar an leanbh gnáthchónaí a fháil ar chríoch an Bhallstáit sin, gur ordaigh cúirt den Bhallstát sin, i gcomhthéacs imeachtaí ar leithligh, an leanbh sin a chur ar ais go dtí an Ballstát ina raibh gnáthchónaí air lena thuismitheoirí díreach i ndiaidh a aistrithe.

---

([1]) IO C 53, 15.02.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 5 Bealtaine 2022 – Zhejiang Jiuli Hi-Tech Metals Co. Ltd v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-718/20 P)** ([1])

***(Achomharc – Dumpáil – Allmhairí de phíobáin agus d'fheadáin chruach dosmálta áirithe gan uaim arb í Daon-Phoblacht na Síne a dtír tionscnaimh – Dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur)***

(2022/C 257/12)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Zhejiang Jiuli Hi-Tech Metals Co. Ltd (ionadaithe: K. Adamantopoulos agus P. Billiet, avocats)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Gustafsson, P. Němečková agus E. Schmidt, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do Zhejiang Jiuli Hi-Tech Metals Co. Ltd, chomh maith lena costais féin, costais an Choimisiúin Eorpaigh a íoc.

---

([1]) IO C 98, 22.03.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 12 Bealtaine 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato – an Iodáil) – Comune di Lerici v Provincia di La Spezia**

**(Cás C-719/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Soláthar poiblí – Bainistiú dramhaíola – Dámhachtain inmheánach – Treoir 2014/24/AE – Airteagail 12 agus 72 – Cailleadh coinníollacha de "rialú comhchosúil" i ndiaidh chomhcheangail gnóthas – Féidearthacht d'oibreoir a thagann i ndiaidh leanúint le cur ar fáil na seirbhíse)***

(2022/C 257/13)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Consiglio di Stato

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Comune di Lerici

*Cosantóir:* Provincia di La Spezia

*Tríú páirtí:* IREN SpA, ACAM Ambiente SpA

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear cosc léi ar rialacha nó cleachtas náisiúnta faoinar féidir leis an oibreoir eacnamaíoch a fhaigheann eintiteas inmheánach, trí nós imeachta tairisceana, ar eintiteas é ar a dámhadh comhlíonadh conartha phoiblí ar dtús, gan glaoch ar iomaíocht, agus ar rialaigh an t-údarás conarthach é, ar bhealach comhpháirteach, ar chaoi a bhí comhchosúil leis an rialú a rinne sé ar a sheirbhísí féin, leanúint ar aghaidh, go huathoibríoch, leis an gcomhlíonadh sin, i gcás nach ndéanann an t-údarás conarthach rialú den sórt sin ar an oibreoir sin agus nach bhfuil aon chuid dá chaipiteal ina sheilbh aige.

([1]) IO C 79, 08.03.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 5 Bealtaine 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Nejvyšší správní soud – Poblacht na Seice) – HJ v Ministerstvo práce a sociálních věcí**

**(Cás C-101/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Treoir 2008/94/CE – Cosaint fostaithe i gcás dhócmhainneacht a bhfostóra – Airteagal 2(2) – Coincheap de "fhostaí" – Airteagal 12(a) agus (c) – Teorainneacha ar fhreagracht na n-institiúidí is ráthóirí – Duine a chuireann feidhmeanna comhalta de bhord bainistíochta agus feidhmeanna stiúrthóra de chuideachta tráchtála i gcrích, ar bhonn conradh oibre leis an gcuideachta sin – Carnadh feidhmeanna – Cásdlí náisiúnta lena ndiúltaítear don duine sin tairbhe a bhaint as na ráthaíochtaí dá bhforáiltear leis an Treoir sin)***

(2022/C 257/14)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Nejvyšší správní soud

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* HJ

*Cosantóir:* Ministerstvo práce a sociálních věcí

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 2(2) agus Airteagal 12(a) agus (c) de Threoir 2008/94/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le fostaithe a chosaint i gcás dhócmhainneacht a bhfostóra, arna leasú ag Treoir (AE) 2015/1794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear cosc leo le cásdlí náisiúnta lena bhforáiltear nach féidir le duine a chuireann feidhmeanna stiúrthóra agus feidhmeanna comhalta de chomhlacht reachtúil de chuideachta tráchtála i gcrích go carnach, ar bhonn conradh oibre bailí de réir an dlí náisiúnta, a cháiliú mar fhostaí, de réir bhrí na Treorach sin, agus, dá bharr, nach féidir leis tairbhe a bhaint as na ráthaíochtaí dá bhforáiltear leis an Treoir sin.

([1]) IO C 148, 26.04.2021